— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre saincheisteanna dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a thabhairt agus earráid fhollasach measúnaithe a rinne an Coimisiún Eorpach, ar an bhforas gur critéar roghnúcháin bailí é an comhaontú ar leibhéal seirbhíse.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na n-ionchais dhlisteanacha, ar an bhforas (i) go ndearna an Coimisiún Eorpach teorainn lena léirmhíniú ar na coincheapa atá sna doiciméid tairisceana le linn an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 agus gur athraigh sé a sheasamh ansin agus (ii) gur thug an Coimisiún Eorpach ar Xpand Consortium ionchais a raibh údar leo a ghlacadh faoi dhlíthiúlacht an chomhaontaithe ar leibhéal seirbhíse mar chritéar roghnúcháin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, ar an bhforas nach ndearna an Coimisiún Eorpach (i) cealú an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 a chur in iúl a luaithe is féidir, mar a cheanglaítear le hAirteagal 171 den Rialachán Airgeadais ([1]) agus (ii) fógra a thabhairt do Xpand Consortium maidir le Cinneadh ón gCoimisiúin Eorpaigh an 3 Márta 2022 lena gcuirtear an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 ar ceal, chomh maith leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin, a luaithe is féidir.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne, ar an bhforas (i) gur ghlac an Coimisiún Eorpach an beart is tromchúisí agus is mó faoi mhíbhuntáiste trí nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 a chur ar ceal, cé go raibh bearta comhréireacha eile ann agus (ii) go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag tabhairt buntáiste iomaíochta míchuí d'iomaitheoirí XPand Consortium sa tairiscint trí nós imeachta soláthair nua a chruthú a bhfuil an cuspóir céanna leis.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Meitheamh 2022 – Deutsche Bank v EUIPO – Operación y Auditoria (avanza Tu negocio)

**(Cás T-341/22)**

(2022/C 294/49)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Deutsche Bank, SA Española (Maidrid, an Spáinn) (ionadaithe: I. Valdelomar Serrano, J. Rodriguez Fuensalida, P. Ramells Higueras agus A. Figuerola Moure, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Operación y Auditoria, SA de CV, SOFOM, ENR (Cathair Mheicsiceo, Meicsiceo)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh avanza Tu negocio – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 208 813

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Márta 2022 i gcás R 1808/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a rialú gur cuireadh Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm go mícheart sa chinneadh a chonspóidtear;

— rialú a dhéanamh go ndiúltaítear cosaint do na seirbhísí go léir a thagann faoi réim aicme 36 dá dtagraítear in iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 2018 813 avanza Tu negocio (fíortha); agus

— a ordú don chosantóir na costais a íoc, lena n-áirítear na costais ionadaíochta arna dtabhú ag an iarratasóir, a bhaineann leis na himeachtaí seo.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 9 Meitheamh 2022 – Rauch Furnace Technology v EUIPO – Musto et Bureau (Breogán um leá)

**(Cás T-347/22)**

(2022/C 294/50)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Rauch Furnace Technology GmbH (Gmunden, an Ostair) (ionadaí: M. Traxler, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Musto et Bureau Srl (Osteria Grande, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Iarratasóir

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail Uimh. 7 737 143-0001 (Breogán um leá)

*Imeachtaí os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Márta 2022 i gCás R 1697/2021-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh faoi chonspóid a chur ar neamhní, mar aon leis an Dearbhú Neamhbhailíochta maidir le Dearadh Comhphobail Uimh. 7 737 143-0001;

— A ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta;

— Sárú ar Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---